NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Páipéar cúlra agus treoir le haghaidh athfhorbairt OSPS na Sraithe Sinsearaí

Le plé

Meán Fómhair 2022

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR ........ 3

1. RÉAMHRÁ ........ 1

2. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS ........ 2

Teacht chun cinn an OSPS/OCG mar chuid den churaclam ........ 2

An comhthéacs polasaí ........ 4

An tAthbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ........ 6

Achoimre ar an gCuid seo ........ 9

3. OSPS SA CHURACLAM ........ 10

Luathóige agus curaclam na bunscoile ........ 10

OSPS na Sraithe Sóisearaí ........ 10

OSPS na Sraithe Sinsearaí ........ 13

Léargas ó na Tuairiscí Cigireachta OSPS (2018-2020) ........ 15

Achoimre ar an gCuid seo ........ 16

4. CLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA IN OSPS NA MEÁNSCOILE SINSEARAÍ ........ 17

An Nua-Shéalainn ........ 18

Ontario ........ 20

Albain ........ 22

Treoir Theicniúil Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Gnéasachta ........ 24

Achoimre ar an gCuid seo ........ 27

5. CEISTEANNA LE MACHNAMH A DHÉANAMH ORTHU ........ 28

An/Na spriocghrúpa(í) do churaclam nuashonraithe ........ 28

Stádas agus leithdháileadh ama ........ 28

Ainmniú an réimse curaclaim seo ........ 28

**Tacú leis an leanúnachas, leis an dul chun cinn agus le soiléire i bhforbairtí curaclaim OSPS** ................29

**Ailíniú le beartais/straitéisí rialtais agus le ceangaltais idirnáisiúnta** ........................................................29

**Na coinníollacha a theastaíonn chun tacú le OSPS éifeachtach sa tsraith shinsearach**............................30

6. TREOIR DON ATHBHREITHNIÚ AR OSPS NA SRAITHE SINSEARAÍ .................. 31

TAGAIRTÍ.......................................................................................................... 33

**TAGAIRTÍ DO CHURACLAIM IDIRNÁISIÚNTA** ...............................................................................35
An Nua-Shéalainn ..............................................................................................35
Ontario ..............................................................................................36
Albain..............................................................................................36

# 1. Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh tuarascáil chomhairleach (CNCM, 2022) i Márta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. Déanann an tuarascáil taifead agus freagraíonn sí ar thuairimí na múinteoirí, an scoláire, na dtuismitheoirí, na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn an athbhreithnithe ceithre bliana ar conas a d'fhéadfadh an tSraith Shinsearach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais ár ndaoine óga uile. Cuireann sé bunús láidir faoi athfhorbairt chéimnithe na Sraithe Sinsearaí sna blianta amach romhainn.

I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – idir ábhair agus mhodúil – agus an gá atá le comhpháirteanna nua den churaclam a mheas. I gcás an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS), tá faisnéis thábhachtach mar aon le moltaí d'fhonn athfhorbairtí sa réimse seo a threorú ar fáil san *Athbhreithniú ar OCG i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna* (2019) a rinne CNCM. Sa pháipéar seo, tugtar faisnéis chúlra le haghaidh an athbhreithnithe ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí agus is é seo atá mar bhonn faoi chomhairliúchán ina bhféachfar le tuairimí réimse de pháirtithe leasmhara a fháil, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí chun cur le forbairt curaclaim nua d'OSPS na Sraithe Sinsearaí.

Ag tús an pháipéir seo, tá plé ar na comhthéacsanna stairiúla agus polasaí (lena n-áirítear an tAthbhreithniú ar an Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) a bheidh mar bhonn eolais faoi athfhorbairtí ar OSPS na sraithe sinsearaí (Cuid 2). I gCuid 3, tá achoimre ar an soláthar reatha agus ar fheidhmiú OSPS na Sraithe Sinsearaí. I gCuid 4, tá plé ar an gcleachtas idirnáisiúnta san OSPS ag leibhéal na meánscoile sinsearaí i réimse de thíortha/dlínsí agus tarraingítear i gCuid 5 ar na codanna roimhe agus leagann amach roinnt saincheisteanna lena mbreithniú agus curaclam nua OSPS á fhorbairt don tSraith Shinsearach. Sa chuid deiridh, tá leagtha amach an treoir atá beartaithe le haghaidh fhorbairt an churaclaim nua.

Tá sé beartaithe go ndéanfar an páipéar seo a scaipeadh le haghaidh comhairliúchán leathan. Cuirfidh an t-aiseolas ón bpróiseas seo bonn eolais faoi obair na Meithle Forbartha chun OSPS na sraithe sinsearaí a uasdátú.

# 2. Cúlra agus Comhthéacs

Aibhsítear i bpolasaithe, tuarascálacha agus cáipéisí straitéise reatha sláinte agus oideachais tábhacht an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (lena n-áirítear an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta) mar chuid d'eispéireas foghlama na ndaoine óga laistigh de shuíomhanna scoile agus tá ag méadú ar an gcomhdhearcadh gur cheart a leithéid de churaclam a bheith cuimsitheach, ionchuimsitheach agus aoisoiriúnach thar gach céim den oideachas ón luath-óige aníos go dtí an mheánscoil shinsearach.

Cé go dteastaíonn freagra níos leithne ar bhonn sochaíoch i gcás go leor de na topaicí a bpléitear leo san OSPS, is amhlaidh, mar sin féin, gurb ionann suíomhanna scoile agus an seomra ranga OSPS go háirithe agus spás tábhachtach tiomnaithe inar féidir le scoláire, thar am, eolas, scileanna, meonta agus luachanna a fhorbairt a chuideoidh leis saol níos sláintiúla a bheith aige, cinntí eolasacha a dhéanamh agus caidrimh chomhbhácha a fhorbairt, anois agus amach anseo.

Tá leagtha amach sa chuid seo léargas achomair ar theacht chun cinn an OSPS mar chuid den churaclam, plé ar an gcomhthéacs polasaí níos leithne agus na príomhthorthaí ón Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna (CNCM, 2019), rudaí atá go léir ábhartha don obair forbartha reatha ar OSPS na sraithe sinsearaí.

## Teacht chun cinn an OSPS/OCG mar chuid den churaclam

In Éirinn, is féidir bunús an OSPS a rianú siar chomh fada le córas tréadchúraim/ranganna teagaisc lár na 1970idí, agus chuig tionscnaimh chláir níos struchtúrtha a tháinig ina dhiaidh sin, amhail *Life Skills for Health* (1979) agus *On My Own Two Feet* (1991) le Bord Sláinte an Iarthuaiscirt. In 1994, bhunaigh Niamh Breathnach, a bhí ina hAire ag an am, Sainghrúpa Comhairleach ar Chaidreamh agus Gnéasacht. Is é a d'eascair as an obair a rinne siad ná foilsiú an *Churaclaim agus Treoirlínte Eatramhacha don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta* (1996). Iarradh ar scoileanna i gCiorclán M4/95 na Roinne Oideachais tús a chur le próiseas chun polasaí scoile a fhorbairt agus ullmhúcháin a dhéanamh chun an OCG a chuimsiú ina gcuid curaclam agus leagadh amach i gCiorclán M20/96 sonraí breise i dtaca le riachtanais ama, oiliúint agus tacaíocht le haghaidh OSPS. Sna sála air seo, tugadh isteach an OSPS (lena n-áirítear OCG) mar ábhar curaclaim sa bhunscolaíocht (1999) agus mar chuid den tsraith shóisearach agus de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (2000). Thug sé seo struchtúr agus comhleanúnachas do nithe ar mhinic iad i bhfeidhm ar bhonn neamhfhoirmiúil i scoileanna na hÉireann, agus thug spás tiomnaithe don OSPS ar an gclár ama den chéad uair.

| | |
|---|---|
| Luath-Óige | • **2009** - Foilsíodh Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige, agus an 'Fholláine' ar cheann dá 4 théama |
| Bunscolaíocht | • **1999** OSPS mar ábhar mar chuid den churaclam nua bunscoile |
| Iar-bhunscolaíocht<br>An tSraith Shóisearach | • **2000** Tugadh isteach siollabas OSPS (70 uair an chloig)<br>• **2016** Tugadh isteach gearrchúrsa OSPS (100 uair an chloig)<br>• **2022** Nuashonraíodh gearrchúrsa OSPS le haghaidh comhairliúcháin |
| Iar-bhunscolaíocht<br>An tSraith Shinsearach | • **2000** Tugadh isteach modúil Oideachais Shóisialta agus Sláinte don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF)<br>• **2011** Foilsíodh Creat OSPS na Sraithe Sinsearaí |

***Fíor 1 Amlíne earnála d'fhorbairt churaclam OSPS***

Ag smaoineamh ar fhorbairt stairiúil OSPS, is fiú a lua gur cruthaíodh curaclam agus treoirlínte aonair don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i lár na 1990í. Cé gur chuir curaclaim OSPS do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna araon ina dhiaidh sin OCG i láthair mar chuid chomhtháite de churaclam níos leithne OSPS, táimid fós ag dul i ngleic le toradh an scartha luaith seo. Ag leibhéal na scoile, is é a d'eascair as sin ná scaradh OCG ón OSPS i dtaca le pleanáil agus teagasc sa seomra ranga mar aon le leibhéal ard spleáchais ar chainteoirí seachtracha agus ag leibhéal córais, d'eascair scaradh sa FGL le haghaidh OSPS agus OCG as. Cuireann Keating (2018) plé níos iomláine ar fáil ar chúlra stairiúil fhorbairt OCG agus OSPS sa churaclam.

## An comhthéacs polasaí

Tá athrú suntasach tar éis teacht ar an gcomhthéacs socheacnamaíoch faoina mbíonn an OSPS á fheidhmiú ó thabhairt isteach OSPS agus tá sé seo, dá réir, tar éis tionchar a imirt ar bheartas rialtais in Éirinn agus in áiteanna eile i dtaca leis an réimse seo den churaclam. Ar cheann de na tosca a bhí taobh thiar de thabhairt isteach an OSPS tríocha bliain ó shin, bhí, go raibh an tsochaí ag iarraidh freagairt do cheisteanna sóisialta an lae, go háirithe na leibhéil arda de thoircheas géarchéime i measc déagóirí agus géarchéim VEID. Mar an gcéanna, sa lá atá inniu ann, tá spreagadh ann chun an curaclam OSPS a nuashonrú chun go bpléifidh sé le roinnt de na ceisteanna móra sa tsochaí, amhail comhionannas inscne, féiniúlacht inscne, foréigean gnéasach nó inscnebhunaithe, toiliú, ciapadh agus dúshaothrú ar líne agus tionchar na pornagrafaíochta. Ar an mbonn céanna, tá aitheantas ann ar an gceart atá ag daoine óga oideachas a fháil a chuidíonn leo a gcearta mar dhaoine a réadú agus a chosaint agus a fheistíonn iad chun plé leis na dúshláin a thagann agus iad ag fás aníos i saol an lae inniu.

Tá roinnt de na croí-thionscnaimh pholasaí atá ag an rialtas agus atá ábhartha d'fhorbairt curaclam uasdátaithe OSPS sa tsraith shinsearach leagtha amach thíos:

- Tá sonraithe i gClár an Rialtais (2020) '*déanfaidh an Rialtas seo curaclaim ionchuimsitheacha aoisoiriúnacha a fhorbairt le haghaidh Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna lena n-áirítear clár ionchuimsitheach ar chaidrimh LADTI+*' (lch 95).

- Tá moltaí fairsinge le fáil sa Tuarascáil ar Thionól na Saoránach ar an gComhionannas Inscne (2021), ceann amháin acu a bhaineann go díreach leis an obair ar athfhorbairt OSPS. Tá sonraithe i Moladh 27: *Ba cheart go ndéanfadh athbhreithniú agus athfhorbairt churaclaim: (a) An comhionannas inscne agus an ilchineálacht a chur chun cinn agus (b) Clúdach follasach a dhéanamh ar dhinimic chumhachta inscne, toiliú agus foréigean baile, gnéasach agus inscne-bhunaithe – ar líne agus as líne – laistigh den churaclam athbhreithnithe Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta.* (lch 75) Thug an Comhchoiste Oireachtais um Chomhionannas Inscne cuireadh do CNCM cur i láthair a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na ngníomhartha seo de ar an 14ú Iúil 2022.

- Foilsíodh *Zero Tolerance, the Third National Strategy for Domestic, Sexual and Gender-Based Violence* (DSGBV) i mí an Mheithimh 2022 mar aon le plean uaillmhianach forfheidhmithe. Tá baint ag obair CNCM le roinnt de na gníomhartha seo lena n-áirítear *sonraíochtaí curaclaim OSPS/OCG a nuashonrú don bhunscolaíocht, don tsraith shóisearach agus don*

*tsraith shinsearach* (lch 12) agus *tacar d'acmhainní ar líne a sholáthar* (lch 13). Ar na réimsí faoi leith a bhfuiltear le plé leo tá, caidrimh dhearfacha agus caidrimh dhíobhálacha, toiliú, foréigean baile agus inscnebhunaithe agus smacht comhéigneach, úsáid shábháilte fhreagrach an idirlín agus na meán sóisialta agus ceisteanna LADTAI+.

- Tá an Rialtas tar éis tabhairt faoi athbhreithniú ar Phlean Gníomhaíochta 2013 ar an mBulaíocht agus ar nósanna imeachta a bhaineann leis an mbulaíocht. Rinneadh breithniú sonrach san athbhreithniú seo ar réimsí amhail an chibearbhulaíocht, bulaíocht bunaithe ar an bhféiniúlacht inscne agus ciapadh gnéasach, agus, ag eascairt as an obair seo, táthar le nósanna imeachta nuashonraithe frithbhulaíochta a fhoilsiú go luath.

- Tá an fócas ar an bhfolláine ar fud pholasaí agus cleachtas an oideachais tar éis cur leis an bhfeasacht ar thábhacht an OSPS mar croí-ghné in aon churaclam folláine. Chruthaigh an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (2019)* spás agus deiseanna do scoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar ról an OSPS/OCG i dtaca le bheith ag tacú le folláine scoláirí.

Sa chomhthéacs níos leithne, tá Éire cuntasach faoi roinnt gealltanas idirnáisiúnta agus tábhacht faoi leith ag baint leis na cinn seo a leanas:

- Cuirtear síos do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh gurb é an creat ceart is uileghabhálaí agus is mó a dtacaítear leis do pháistí agus daoine óga. Cé nach bhfuil an ceart go mbeadh oideachas sláinte agus gnéasachta éigeantach scoilbhunaithe ar fáil luaite go sonrach ann, breathnaítear ar a leithéid de rud a chur ar fáil mar a bheadh cumasóir ann do pháistí i dtaca le réimse de chearta a réadú agus a chosaint, lena n-áirítear cearta i dtaca le sláinte agus folláine, cosaint, rannpháirtíocht, féiniúlacht agus comhionannas (Bourke, 2022). Mar chuid de thorthaí breathnóireachta a chuir Coiste na NA ar Chearta an Linbh in iúl do Stát na hÉireann ar an 29ú Eanáir, 2016, léiríodh '*buaireamh mar gheall ar mhóreaspa rochtana ar oideachas sláinte ghnéis agus atáirgthe*' agus iarradh ar Éirinn '*glacadh le polasaí cuimsitheach gnéis agus atáirgthe d'ógánaigh agus a chinntiú go mbíonn oideachas sláinte ghnéis agus atáirgthe mar chuid den churaclam éigeantach scoile*' (alt 58).

- Comhaontaíodh Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Istanbul) in 2011 agus tháinig sé i bhfeidhm in 2014.

Sonraíonn sé seo: Glacfaidh páirtithe, nuair is iomchuí, na céimeanna is gá chun ábhar teagaisc a chuimsiú ar cheisteanna amhail comhionannas idir mná agus fir, róil inscne neamhsteiréitíopacha, cóimheas, réiteach coimhlinte síochánta i gcaidrimh idirphearsanta, foréigean ar bhonn inscne in éadan ban agus ceart na hiomláine pearsanta, agus iad curtha in oiriúint don acmhainneacht a bhíonn ag teacht chun cinn sna foghlaimeoirí, i gcuraclaim fhoirmeálta agus ag gach leibhéal den oideachas (alt 14)

- I mí Mheán Fómhair, 2015, ghlac Éire le Clár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe. Is é is fócas do Chlár Oibre 2030 ná na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) agus an 169 d'fho-spriocanna a bhaineann le gach ceann acu. Tá roinnt de na spriocanna agus cuspóirí ábhartha don OSPS, mar atá, SFI 3 – *saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn don uile dhuine;* SFI 4 – *oideachas ardchaighdeáin ionchuimsitheach cothrom a chinntiú;* SFI 5 – *comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú;* agus SFI 16 – *sochaí shíochánta ionchuimsitheach a chur chun cinn le haghaidh forbairt inbhuanaithe.*

## An tAthbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Idir Meitheamh 2018 agus Nollaig 2019, rinne CNCM athbhreithniú mór ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus chuathas i gcomhairle le réimse leathan de pháirtithe leasmhara an oideachais lena linn.

Nuair a iarradh orthu barúil a léiriú ar a dtaithí den OSPS, seo a leanas cuid de na príomhtheachtaireachtaí a chuir scoláirí sraithe sinsearaí in iúl agus a foilsíodh sa tuarascáil:

- Dúirt scoláirí gur dhírigh múinteoirí go príomha ar an teagasc faoi chúrsaí sláinte agus cothaithe, faoin mbulaíocht, faoi mhí-úsáid substaintí agus faoi na gnéithe bitheolaíocha den OCG, go háirithe toirchiú, frithghiniúint agus Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha. Dúirt líon beag scoláirí sraithe sinsearaí go ndearna siad plé ar thoiliú i gcomhthéacs OSPS/OCG agus, nuair a tharla seo, go raibh sé teoranta agus míshásúil.

- Ar bhonn ginearálta, dúirt scoláirí gur pléadh le topaicí ar bhealach 'neamhleor, ródhéanach agus ró-bhitheolaíoch' agus léirigh siad gur mhian leo plé níos doimhne a dhéanamh ar dhinimic mhothúchánach agus idirphearsanta na gcaidreamh.

- Cháin scoláirí an cur chuige 'riosca agus dainséar' i leith an teagaisc faoi thopaicí, rud, dar leo nach raibh cabhrach ná éifeachtach.

- Cháin scoláirí an lionsa heitreanormatach trínar teagascadh an OSPS agus an easpa deiseanna a bhíonn ann chun foghlaim faoi ghnéaschlaontaí difriúla.

- Ó thaobh an OCG de, léirigh scoláirí frustrachas agus dúirt gur mhothaigh siad an-díomách mar gur bhraith siad go ginearálta nach raibh siad ag fáil an oideachais sa réimse seo a bhí ag teastáil uathu.

- Bhraith scoláirí nach raibh baint ag ranganna OSPS lena dtaithí saoil féin agus nár cuireadh topaicí i láthair ar bhealach a bhí ábhartha dá n-aois agus dá gcéim forbartha.

Ar na topaicí ar chuir 500+ scoláire (freagróirí suirbhé ar líne a úsáideadh mar eolas le linn an athbhreithnithe) síos dóibh gurbh iad na topaicí ba thábhachtaí ar cheart plé leo san OSPS, bhí: LADTI+ agus gnéaschlaonadh, caidrimh dhearfacha agus toiliú.

Samplaí de na tuairimí a léirigh scoláirí OSPS na sraithe sinsearaí:

> *Níor labhair muid ach ar an ngnéas, mar shampla, na cineálacha galar atá ann agus faoin gcosaint ach níor labhair muid ar chúrsaí caidrimh, an dóigh le briseadh suas le duine, cuirim i gcás.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Níor fhoghlaim muid riamh faoi chaidrimh agus cad is caidreamh luachmhar ann, agus measaim gur tábhachtaí sin.* (Scoláire idirbhliana, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *An t-aon rud a rinne muid ná aiste bia, dea-chothú agus bulaíocht an t-am ar fad.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Ní deirtear linn in am ar bith faoin taobh mothúchánach… Baineann sé an iomarca leis na contúirtí.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Dealraíonn sé, in amanna, go bhfuil eagla ar an múinteoir roimh stuif amhail OCG.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)
>
> *Is rud é OCG ba cheart dúinn a dhéanamh ach nach bhfuil á dhéanamh. Is minic a úsáidtear é le haghaidh rudaí eile amhail gairmthreoir nó anuraidh, bhain an rud ar fad le drugaí agus alcól.* (Scoláire séú bliain, fócasghrúpa iar-bhunscolaíochta)

Dhearbhaigh múinteoirí a ndeachthas i gcomhairle leo mar chuid den athbhreithniú luach an OSPS/OCG laistigh den churaclam agus d'aontaigh ar a thábhachtaí atá sé é a theagasc ar bhealach oscailte, comhráiteach neamhbhreithiúnach. Bhraith go leor múinteoirí, áfach, nach raibh

an oiliúint is gá acu lena chur ar a gcumas an OSPS a theagasc go héifeachtach muiníneach, agus ba mhinice an tuairim seo á léiriú ag na múinteoirí sin a bhí ag teagasc scoláirí na sraithe sinsearaí. D'aithin siad gur gá curaclam a bheith ann atá ábhartha do cheisteanna agus buarthaí fíorshaoil na ndaoine óga ach bhraith go raibh oiliúint agus tacaíochtaí breise ag teastáil uathu mar aon le soiléire i dtaca le cé acu topaic ba cheart a theagasc ag na céimeanna éagsúla den fhoghlaim. Bhí go leor cáinteach i dtaobh na heaspa ama a bhíonn ar fáil le haghaidh phleanáil agus comhordú an OSPS thar an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.

Bhí comhaontú láidir le sonrú idir na páirtithe leasmhara go léir gur gá forbairt todhchaí an OCG a bheith bunaithe ar dhearbhú chearta agus freagrachtaí na ndaoine óga, gur gá a bheith freagrúil do riachtanais shainaitheanta an scoláire agus gur cheart é a bheith oiriúnach ó thaobh aoise agus céim forbartha de agus ionchuimsitheach iomlánaíoch ó thaobh cur chuige de.

## Achoimre ar an gCuid seo

Is féidir na príomhphointí i dteacht chun cinn an OSPS mar chuid den churaclam a achoimriú mar seo a leanas:

- Foilsiú an Churaclaim agus Treoirlínte Eatramhacha don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (1996).
- OSPS san áireamh mar ábhar sa churaclam nua bunscoile (1999)
- Tugadh an OSPS isteach ar bhonn éigeantach do gach scoláire sa tsraith shóisearach agus mar chuid de chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí (2000)
- Foilsíodh creat chun tacú le scoileanna ar mhian leo OSPS na sraithe sinsearaí a sholáthar (2011)
- Foilsíodh gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí (2016)
- Gearrchúrsa OSPS na Sraithe Sóisearaí nuashonraithe agus oscailte le haghaidh comhairliúcháin (2022)

I dtaca le roinnt de na tosca comhthéacsúla a mhúnlóidh forbairt OSPS na sraithe sinsearaí, is díol suntais atá sa mhéid seo a leanas:

- Tá an timpeallacht shocheacnamaíoch níos leithne agus saincheisteanna sóisialta tar éis dul i bhfeidhm ar na topaicí a chuimseofar mar chuid den fhoghlaim sa churaclam OSPS. Mar an gcéanna, féachfaidh aon churaclam OSPS athfhorbartha a bheadh ann le dul i ngleic le saincheisteanna fíorshaoil atá ábhartha do shláinte agus folláine daoine óga sa lá atá inniu ann.
- Rachaidh tosaíochtaí, beartais agus gealltanais rialtais faoi leith i bhfeidhm ar nádúr an tsoláthair in OSPS na sraithe sinsearaí agus treoróidh rogha na dtopaicí a chuimseofar i gcuraclam nuashonraithe. Tá gealltanais na hÉireann ag leibhéal idirnáisiúnta ábhartha freisin don OSPS agus ní mór gach obair forbartha curaclaim sa réimse seo a ailíniú leo seo.
- Baineann ceist thábhachtach eile leis na torthaí ón *Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna* (2019) ónar tháinig fianaise shoiléir go bhfuil gá le curaclam atá cothrom le dáta, ionchuimsitheach, cuimsitheach agus oiriúnach d'aois agus do leibhéal forbartha ag gach leibhéal san oideachas. Chuir go

# 3. OSPS sa churaclam

Tá leagtha amach sa chuid seo forléargas ar an OSPS laistigh de churaclam na hÉireann agus, ina dhiaidh sin, na torthaí ó réimse de thuarascálacha de chuid Chigireacht na Roinne Oideachais (RO) i dtaca le caighdeán na hoibre san OSPS i scoileanna.

## Luathóige agus curaclam na bunscoile

Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* dírithe ar pháistí ó bhreith go sé bliana d'aois. Úsáideann sé ceithre théama chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus forbairt páistí. Is iad na téamaí seo, Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Baineann folláine le páistí atá muiníneach sona sláintiúil agus dírítear ar an bhfolláine shíceolaíoch agus ar an bhfolláine fhisiceach araon.

Baineann seacht réimse leis an gcuraclam bunscoile, réimse amháin acu sin is ea Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Tá tacar leathan d'aidhmeanna agus de chuspóirí foghlama ag an OSPS agus teagasctar é ó na naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé. Mar atá leagtha amach i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* (2020) tá sé beartaithe réimse curaclaim darb ainm 'Folláine' a thabhairt isteach mar chuid de churaclam athfhorbartha na bunscoile. Chuimseodh an réimse seo foghlaim a bhaineann leis an OSPS/OCG agus le Corpoideachas. Faoi na moltaí seo, bheadh i bhfad níos mó ama ar fáil don OSPS ná mar atá sa churaclam bunscoile reatha, mar a moltar 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine.

## OSPS na Sraithe Sóisearaí

I mí Aibreáin 2000, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta siollabas Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sóisearaí agus d'eisigh treoir 'gur cheart do gach scoil dara leibhéal an tOideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a chur ar an gclár ama mar chuid de chroíchuraclam na Sraithe Sóisearaí ó Mheán Fómhair 2003 i leith' (Ciorclán M11/03).

Dearadh Siollabas OSPS na Sraithe Sóisearaí (2000) chun tacú le 70 uair an chloig d'fhoghlaim agus de theagasc (rang amháin in aghaidh na seachtaine thar thrí bliana na sraithe sóisearaí) i gcomhréir le Ciorclán M22/00 agus M11/03.

Leagadh amach an fhoghlaim sa siollabas thar dheich modúl:

- Muintearas agus imeascadh
- Féinbhainistíocht: braistint chuspóra
- Scileanna cumarsáide
- Sláinte fhisiciúil
- Cairdeas

- Caidreamh agus gnéasacht
- Sláinte mhothúchánach
- Tionchair agus cinntí
- Úsáid substaintí
- Sábháilteacht phearsanta.

Ag eascairt as an *gCreat don tSraith Shóisearach* (2015), d'fhorbair CNCM gearrchúrsa OSPS 100 uair an chloig, a foilsíodh in 2016. Leagadh amach na torthaí foghlama thar cheithre shnáithe:

Snáithe 1: **Cé mé féin?** Díríodh an snáithe seo ar fhéinfheasacht a fhorbairt agus ar fhéinmhuinín a thógáil.

Snáithe 2: **Aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile.** Thug an snáithe seo deiseanna don scoláire machnamh a dhéanamh ar an gcaoi is fearr ar féidir aire a thabhairt dúinn féin agus do dhaoine eile.


Snáithe 3: **Dul i bpáirt le chéile.** Díríodh an snáithe seo ar an scoláire a bheith ag foghlaim faoi chaidrimh atá tábhachtach ina shaol agus scileanna forbartha caidrimh.

Snáithe 4: **Mo mheabhairshláinte.** Díríodh an snáithe seo ar mheabhairshláinte dhearfach a fhorbairt, ag scrúdú thaithí daoine óga ar an easláinte mheabhrach agus ar fhoghlaim faoi bhealaí chun tacú leo féin agus le daoine eile le linn tréimhsí dúshlánacha.

Tá gearrchúrsa nuashonraithe OSPS sa tSraith Shóisearach sceidealaithe lena chur i bhfeidhm i scoileanna i Meán Fómhair 2023. Agus torthaí an Athbhreithnithe ar an OCG (CNCM, 2019) mar bhonn eolais faoi, cuireadh tús le hathfhorbairt churaclam na Sraithe Sóisearaí in 2021 nuair a rinneadh athbhreithniú ar ghearrchúrsa 2016. Tá achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe le fáil sa *Pháipéar Cúlra agus Treoir don Athbhreithniú ar OSPS na Sraithe Sóisearaí* (CNCM, 2021). D'fhaomh Comhairle CNCM dréacht de ghearrchúrsa nuashonraithe OSPS na Sraithe Sóisearaí i mí an Mheithimh 2022 agus beidh an comhairliúchán ar an dréachtchuraclam oscailte go dtí an 18ú Deireadh Fómhair.

Tá sé mar aidhm ag an dréacht-ghearrchúrsa nuashonraithe Sraithe Sóisearaí seo *féinfheasacht agus féinmhuinín dhearfach scoláirí a chothú agus eolas, tuiscint, scileanna, meonta agus luachanna a fhorbairt a chuideoidh leo caidrimh mheasúla chomhbhácha a chruthú agus saol sásúil sláintiúil a chaitheamh.*

Mar a bhí amhlaidh lena réamhtheachtaí, tá an fhoghlaim bunaithe thart ar cheithre shnáithe, agus tugadh trí ghné leathana isteach (feasacht, comhrá agus machnamh agus gníomh) mar atá léirithe thíos.




Fíor 2: Struchtúr Dhréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sóisearaí

Snáithe 1: **Mé féin agus daoine eile a thuiscint** Díríonn an snáithe seo ar fhorbairt féinfheasachta agus féinmhuiníne agus ar thógáil roinnt de na bunscileanna agus meonta atá ag teastáil le haghaidh caidrimh dhearfacha agus chun a bheith rathúil sa saol (lena n-áirítear cumarsáid agus idirbheartaíocht, éisteacht, comhbhá a léiriú, meas a léiriú ar dhifríochtaí, agus féinbhainistíocht/féinrialúchán).

Snáithe 2: **Roghanna sláintiúla a dhéanamh** Cuireann an snáithe seo deiseanna ar fáil don scoláire machnamh a dhéanamh ar conas roghanna sláintiúla a dhéanamh le tacú lena fholláine. Déanann sé iniúchadh ar céard is sláinte ann do dhéagóirí, céard é a chuidíonn nó a choisceann roghanna sláintiúla agus conas eolas iontaofa a fháil chun tacú le roghanna maithe. Déanfaidh an scoláire cleachtadh freisin ar na scileanna a theastaíonn chun roghanna sláintiúla a dhéanamh agus chun tuiscint a fháil ar thosca comhthéacsúla a imríonn tionchar ar roghanna, amhail piaraí, an teaghlach, na meáin agus brú sóisialta.

Snáithe 3: **Caidrimh agus gnéasacht** Déanann an snáithe seo iniúchadh ar ghnéithe cognaíochta, fisiceacha, mothúchánacha agus sóisialta de chaidrimh agus de ghnéasacht trí chur chuige dearfach, ionchuimsitheach atá bunaithe ar chearta. Tá an bhéim ar chaidrimh teaghlaigh, ar chairdeas, ar chaidrimh rómánsúla/dhlúthphearsanta agus ar chaidrimh ghnéis fhéideartha amach anseo.

Snáithe 4: **Folláine mhothúchánach** Díríonn an snáithe seo go príomha ar fholláine mhothúchánach agus ar mheabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn. Cuidíonn sé le scileanna réiteach fadhbanna agus le scileanna chun dul i ngleic le deacrachtaí sa chaoi is gur féidir déileáil le buaicphointí agus íosphointí mothúchánacha an tsaoil. Déanann sé imscrúdú ar conas a bheith ag tacú lena chéile agus le daoine eile le linn tréimhsí dúshlánacha agus pléann sé leis an áit a bhfuil tacaíocht ar fáil, agus conas í a fháil nuair is gá.

Is féidir dréachtshonraíocht nuashonraithe OSPS na sraithe sóisearaí a léamh ag an nasc seo.

## OSPS na Sraithe Sinsearaí

Níl sé éigeantach OSPS a chur ar an gclár ama in oideachas na sraithe sinsearaí cé go bhfuil sé de cheanglas ar scoileanna íosmhéid de shé cheacht sa bhliain a chur ar fáil san Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Ar an ábhar seo, bíonn difríochtaí móra le sonrú ó thaobh soláthar OSPS de scoláirí na sraithe sinsearaí laistigh de scoileanna agus ó scoil go scoil. Sa tábla a leanas, tá na sonraí is úire le fáil (arna gcur ar fáil ag an Roinn Oideachais) i dtaca le soláthar reatha an OSPS ar an gclár ama i gcláir éagsúla de chuid na sraithe sinsearaí ó 2021-2022, rud a léiríonn nach bhfuil OSPS ar an gclár ama do scoláirí na sraithe sinsearaí ag tromlach na scoileanna.

***Tábla 1: Líon agus céatadán na scoileanna a bhfuil OSPS ar an gclár ama acu sa tsraith shinsearach le linn 2021-2022***

| Bliain | Líon na scoileanna a bhfuil OSPS ar an gclár ama acu | % de scoileanna |
|---|---|---|
| An Idirbhliain | 152 | 22% de 690 scoil ina bhfuil IB ar fáil |
| Ardteistiméireacht Bliain 1 (5ú bliain) | 131 | 18% d'iomlán na n-iar-bhunscoileanna |
| Ardteistiméireacht Bliain 2 (6ú bliain) | 128 | 17.5% d'iomlán na n-iar-bhunscoileanna |

I gcás scoláirí a thugann faoi Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí, is gné éigeantach den chlár seo é an cúrsa san Oideachas Sóisialta. Is ionann Oideachas Sóisialta agus Sláinte 1 agus 2 agus dhá cheann de na sé mhodúl san Oideachas Sóisialta. Tá aidhmeanna agus inneachar an Oideachais Shóisialta agus Sláinte san Ardteistiméireacht Fheidhmeach an-chosúil le haidhmeanna agus inneachar OSPS. Cuimsíonn modúl 1 den Oideachas Sóisialta agus Sláinte topaicí amhail féinfheasacht, cumarsáid threallúsach, cúram a dhéanamh de do shláinte agus oideachas caidrimh agus gnéasachta agus cuimsíonn modúl 2 den Oideachas Sóisialta agus Sláinte topaicí a chuireann leis an bhfoghlaim i modúl 1 agus díríonn freisin ar fhreagrachtaí maidir le tuismitheoireacht agus an chaoi le fadhbanna agus cásanna géarchéime a láimhseáil. Ní dhearnadh modúil an Oideachais Shóisialta san Ardteistiméireacht Fheidhmeach a nuashonrú ó tugadh isteach in 2000 iad.

Go dtí seo, is é an treoir a bhí ann do scoileanna ar mhian leo OSPS a chur ar an gclár ama dá gcuid scoláirí sraithe sinsearaí (diomaite díobh sin a bhí ag tabhairt faoin Ardteistiméireacht Fheidhmeach) ná *Creatchuraclam OSPS na Sraithe Sinsearaí*, arna fhoilsiú ag CNCM (2011). Is iad na cúig réimse foghlama le haghaidh OSPS na Sraithe Sinsearaí atá leagtha amach sa chreat seo ná:

- Meabhairshláinte
- Staidéar inscní
- Úsáid substaintí
- Caidreamh agus gnéasacht

- Gníomhaíocht choirp agus cothú.

Mar a luadh, níl aon cheanglas ar scoileanna OSPS a chur ar an gclár ama sa tsraith shinsearach ach tá sé de cheanglas orthu íosmhéid de shé cheacht OCG a theagasc gach bliain (a nglactar leis gur ceachtanna 35/40 nóiméad iad). Tá éagsúlacht de chuir chuige le sonrú agus na ceachtanna OCG seo á gcur ar fáil amhail OCG a theagasc mar chuid d'ábhar eile (m.sh. Oideachas Reiligiúnach nó Bitheolaíocht), bloic de cheardlanna nó cainteoirí seachtracha a úsáid. De réir Shuirbhé Scileanna Saoil 2018, bhí mionlach measartha mór de scoileanna ann nach raibh ag soláthar OCG dá gcuid scoláirí sraithe sinsearaí nó a bhí ag soláthar níos lú ná sé cheacht. Dúirt beagáinín níos mó ná an leathchuid den 297 príomhoide a d'fhreagair don suirbhé go raibh siad ag soláthar sé cinn nó níos mó de cheachtanna san OCG do scoláirí 5ú agus 6ú bliain (féach tábla 2 le haghaidh freagairtí).

*Tábla 2: Soláthar an OCG do scoláirí na sraithe sinsearaí de réir mar a thuairiscigh 297 príomhoide scoile (2018)*

| Líon na dtréimhsí ranga ar an gclár ama don OCG san Idirbhliain | Líon freagraí | % de fhreagraí |
|---|---|---|
| Gan aon chlár pleanáilte nó 0 | 49 | 16.5% |
| 1-2 rang | 77 | 26% |
| 3-5 rang | 33 | 11% |
| 6-8 rang | 91 | 30.5% |
| 9+ rang | 47 | 16% |
| **Líon na dtréimhsí ranga ar an gclár ama don OCG i mBliain 1 den Ardteistiméireacht** | **Líon freagraí** | **% de fhreagraí** |
| Gan aon chlár pleanáilte nó 0 | 28 | 9.5% |
| 1-2 rang | 75 | 25% |
| 3-5 rang | 35 | 12% |
| 6-8 rang | 107 | 36% |
| 9+ rang | 52 | 17.5% |
| **Líon na dtréimhsí ranga ar an gclár ama don OCG i mBliain 2 den Ardteistiméireacht** | **Líon freagraí** | **% de fhreagraí** |
| 0 | 41 | 14% |
| 1-2 rang | 71 | 24% |
| 3-5 rang | 31 | 10% |
| 6-8 rang | 102 | 34.5% |
| 9+ rang | 52 | 17.5% |

Tabhair faoi deara: Tá sé éigeantach sé cheacht OCG (ar a laghad) a chur ar an gclár ama gach bliain le haghaidh gach bliainghrúpa.

## Léargas ó na Tuairiscí Cigireachta OSPS (2018-2020)

Tá Cigireacht na RO freagrach as breithmheas a dhéanamh ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh acu, déanann an Chigireacht cigireacht ar scoileanna agus ionaid oideachais, agus ansin foilsíonn tuairiscí ar chaighdeán na hoibre i réimsí curaclaim faoi leith laistigh de scoil/ionad. Tá léargais chabhracha le fáil ó athbhreithniú ar 16 de thuairiscí cigireachta a rinneadh idir 2018 agus 2020 ar thréithe an chleachtais ardchaighdeáin i dtaca le soláthar an teagaisc agus na foghlama san OSPS mar aon leis na dúshláin atá ann.

Sna háiteanna a raibh an cleachtas an-mhaith, bhí na tréithe seo a leanas soiléir:

- comhphleanáil ábhair agus cleachtas comhghleacúil
- bhí na ceachtanna dírithe ar an scoláire, ábhartha, oiriúnach ó thaobh aoise de agus tarraingteach
- bhí atmaisféar ranga dearfach iontu a chuireann leis an bhfoghlaim in OSPS
- chuathas i gcomhairle le múinteoirí sular ainmníodh iad chun an OSPS a theagasc agus éascaíodh rannpháirtíocht i FGL iomchuí
- bhí príomh-mheitheal tiomanta de mhúinteoirí OSPS iontu
- thug an cheannasaíocht scoile tús áite do sholáthar agus do thacaíocht do OSPS

Sna háiteanna inar aimsigh cigireachtaí dúshláin i dtaca le cur i bhfeidhm an churaclaim, ba mhinic baint ag na dúshláin seo le

- úsáid easnamhach d'oideolaíochtaí oiriúnacha
- easpa soiléireachta maidir le cuspóir na foghlama beartaithe
- gá le níos mó machnaimh a dhéanamh ar thairbhe agus ar thábhacht na n-acmhainní OSPS don spriocghrúpa (go háirithe i gcomhthéacs na hoiriúnachta aoise)
- gá le machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun dul chun cinn san fhoghlaim in OSPS a mheasúnú
- easpa comhphleanála sa roinn ábhair
- easpa príomh-mheitheal OSPS

Tá comhthéacs cabhrach le fáil ó na tuairiscí cigireachta seo le haghaidh comhphlé agus curaclam nua OSPS na sraithe sinsearaí á fhorbairt.

## Achoimre ar an gCuid seo

- Tugadh OSPS isteach an chéad lá mar chuid den chroíchuraclam ag tús an chéid seo agus tá sé neadaithe go maith anois sa churaclam sa bhunscolaíocht agus sa tsraith shóisearach.
- Níl sé éigeantach OSPS a chur ar an gclár ama i ngach clár de chuid na sraithe sinsearaí. Léiríonn sonraí a bailíodh le deireanas nach bhfuil tromlach na scoileanna ag cur OSPS ar an gclár ama dá gcuid ranganna sraithe sinsearaí, seachas do na scoláirí atá ag tabhairt faoi chláir na hArdteistiméireachta Feidhmí, mar a bhfuil modúil san Oideachas Sóisialta agus Sláinte éigeantach. Fágann sé seo nach mbíonn rochtain ach ag scoláirí i mionlach na scoileanna (<20%) ar an bhfoghlaim san OSPS tar éis na sraithe sóisearaí.
- Cé go bhfuil sé de cheanglas ar scoileanna íosmhéid de shé cheacht sa bhliain a sholáthar san OCG i ngach rang agus bliainghrúpa, is amhlaidh nach bhfuil thart ar an leathchuid de scoileanna (bunaithe ar shampla de 297) ag comhlíonadh an riachtanais seo sa tsraith shinsearach, agus níos mó ná an tríú cuid de phríomhoidí scoile ag cur in iúl nach soláthraíonn siad aon cheacht OCG nó gan ach 1-2 tréimhse ranga.
- Aibhsíonn tuairiscí cigireachta tréithe an chleachtais ardchaighdeáin san OSPS agus is cabhair iad chun comhphlé a threorú i dtaobh na gcoinníollacha fabhracha agus

# 4. Cleachtas idirnáisiúnta in OSPS na meánscoile sinsearaí

Téann soláthar an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte i scoileanna i dtíortha eile siar níos mó ná caoga bliain. Bíonn éagsúlachtaí ann ó thír go tír i dtaca le freagracht as curaclam a fhorbairt agus is féidir ról ceannais a bheith ag an Aireacht Oideachais nó an Aireacht Sláinte. Aithnítear scoileanna ar fud an domhain mar shuíomhanna tábhachtacha le haghaidh oideachas sláinte agus folláine nó is le linn na hóige agus na hógántachta a fhorbraítear an chuid is mó de na slite maireachtála, iompraíochtaí, nósanna agus dearcthaí a mbíonn tionchar acu ar an tsláinte lá níos faide anonn sa saol. Is amhlaidh, le taighde a rinneadh ar an nasc idir OSPS/OCG ardchaighdeáin scoilbhunaithe a sholáthar agus torthaí dearfacha sláinte don scoláire, go bhfuiltear tar éis cur leis an bhfeasacht ar a thábhachtaí atá an réimse seo oideachais ar fud an domhain. (EOECNA, 2018).

Tá achoimre sa chuid seo ar an soláthar OSPS sa chéim atá coibhéiseach leis an tsraith shinsearach i dtrí dhlínse. Roghnaíodh na dlínsí seo lena n-athbhreithniú óir tá an OSPS ar fáil iontu mar chuid de churaclam na meánscoile sinsearaí (cé go dtugann siad ainm éagsúil ar an ábhar); cuirtear chun cinn cur chuige cuimsitheach ionchuimsitheach atá bunaithe ar chearta iontu; agus déantar an curaclam a theagasc trí Bhéarla. Chun barúil níos fearr a fháil ar obair CNCM i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam OSPS/OCG i gcomhthéacs idirnáisiúnta, tá achoimre ar na téamaí atá molta le haghaidh oideachas gnéasachta do lucht 15-18 mbliana d'aois sa Treoir Theicniúil Idirnáisiúnta ar Oideachas Gnéasachta (2018) ar fáil freisin ag deireadh na coda seo.

*Tábla 3 Dlínsí a ndearnadh athbhreithniú orthu – coibhéiseach le OSPS na sraithe sinsearaí*

| An Dlínse | Teagasctar OSPS mar: | Céim coibhéiseach leis an tsraith shinsearach |
|---|---|---|
| An Nua-Shéalainn | *Hauora*[1] agus oideachas sláinte agus corpoideachas (HPE) | Blianta 11-13, aois 15-18<br>Leibhéil 6-8 de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne |
| Ontario (Ceanada) | Oideachas sláinte agus corpoideachais (OSC) | Gráid 9-12, aois 14-18 |
| Albain | Sláinte agus folláine (SF) | Meánscoileanna 4-6 (S4-6), aois 15-18<br>*Curriculum for Excellence*, ceathrú leibhéal |

[1] Is é is Hauora ann ná fealsúnacht sláinte agus folláine na Māori

## An Nua-Shéalainn

**Áit OSPS sa churaclam:** Tá oideachas *Haoura* agus sláinte agus corpoideachas (OSC) ar cheann d'ocht réimse curaclaim sa churaclam le haghaidh an Teastais Náisiúnta um Ghnóthacháil Oideachais (National Certificate of Educational Achievement), an ardteistiméireacht shinsearach meánscoile.

**Aidhm:** Tá OSC bunaithe ar ghníomhú ar mhaithe le folláine a fheabhsú. Trí ábhair an staidéir sláinte, na heacnamaíochta baile agus an chorpoideachais, foghlaimíonn an scoláire gur meascán idir gnéithe fhisiciúla, meabhrach agus mothúchánach, agus sóisialta agus spioradálta de shaol daoine atá i gceist leis an bhfolláine. Is é is aidhm le OSC daoine óga a chumasú chun an t-eolas, na luachanna, agus na hinniúlachtaí a fhorbairt chun saol iomlán agus gníomhach a bheith acu, agus chun freagracht a ghlacadh as a bhfolláine féin agus folláine a bpobal a fheabhsú. Mar aon le bheith ag díriú ar fhorbairt phearsanta agus ar fhreagracht phearsanta a ghlacadh, dírítear an méid céanna ar dhaoine óga a fhorbairt ar smaointeoirí criticiúla iad atá ciallmhar ceangailte a bhfuil braistint freagrachta sóisialta/ceartas sóisialta agus ceangal leis na daoine, na pobail agus na timpeallachtaí ina dtimpeall acu agus ar féidir leo cur le sláinte agus folláine daoine eile ar shlí dhearfach.

Tá an réimse staidéir OSC bunaithe ar na bhunchoincheapa idirspleácha seo:

- Hauora – fealsúnacht Māori folláine ina bhfuil gnéithe a bhaineann le folláine spioradálta, mheabhrach agus folláine mhothúchánach, fhisiciúil, agus shóisialta.
- Sláinte a chur chun cinn – próiseas a chuireann le timpeallachtaí tacúla fisiciúla agus mothúchánacha a chothú agus ina mbíonn scoláirí páirteach i ngníomh pearsanta agus i dteannta a chéile.
- An pheirspictíocht shoch-éiceolaíoch – bealach chun breathnú ar idirchaidrimh idir an duine aonair, daoine eile, agus an tsochaí níos leithne agus chun idirchaidrimh mar sin a thuiscint.

### Réimsí Foghlama

Is iad na **seacht bpríomhréimse foghlama**:

- meabhairshláinte
- oideachas gnéasachta
- bia agus cothú
- cúram coirp agus sábháilteacht phearsanta
- gníomhaíocht choirp

- staidéar spóirt
- oideachas allamuigh.

Mar aon leo seo, leagtar amach cuspóirí gnóthachtála sna **ceithre shnáithe** agus ag leibhéal 8 (17/18) áirítear iad seo a leanas ina measc:

- Forbairt sláinte phearsanta agus fhisiciúil:
  - fás agus forbairt phearsanta
  - gníomhaíocht choirp rialta
  - bainistíocht sábháilteachta
  - féiniúlacht phearsanta.
- Coincheapa luaile agus scileanna luaile:
  - scileanna gluaiseachta
  - dearcthaí dearfacha
  - eolaíocht agus teicneolaíocht
  - dúshláin agus gnéithe sóisialta agus cultúrtha.
- Caidrimh le daoine eile:
  - caidreamh
  - féiniúlacht, cáiréis agus meas
  - scileanna idirphearsanta.
- Pobail agus timpeallachtaí sláintiúla:
  - dearcthaí agus luachanna na sochaí
  - acmhainní pobail
  - cearta, freagrachtaí agus dlíthe
  - daoine agus an timpeallacht

Laistigh den chéim shinsearach oideachais seo, cuirtear an curaclam OSC (Staidéar Sláinte agus Corpoideachas) in iúl mar Mhaitrís Fhoghlama idir 'Smaointe Móra' agus 'Foghlaim Shuntasach'. Is é is Foghlaim Shuntasach ann ná foghlaim gur ríthábhachtach é a bheith ar eolas ag an scoláire, go dtuigfidís é agus go ndéanfaidís é faoi dheireadh leibhéal curaclaim. Baineann múinteoirí úsáid as an Maitrís Fhoghlama mar uirlis chun cláir foghlama ábhartha a chur le chéile dá gcuid scoláirí. D'fhéadfadh clár foghlama tosú amach le comhthéacs atá ábhartha i gceantar áitiúil na scoile nó le rud éigin a bhfuil suim ar leith ag na scoláirí ann.

**Leithdháileadh ama:** Níl aon treoir ar leith ar fáil maidir leis an méid ama a shanntar do theagasc an chláir OSC.

I measc **Gnéithe** de chuid Churaclam na Nua-Shéalainne tá

- feasacht ar thábhacht an chomhthéacs áitiúil agus riachtanais an scoláire agus clár foghlama ábhartha á phleanáil fad is a bhíonn foghlaim 'nár cheart cailliúint amach uirthi' á leagan amach.
- cothromaíocht idir pheirspictíochtaí pearsanta, idirphearsanta agus sochaíoch maidir le sláinte agus folláine agus feasacht ar an idircheangailteacht eatarthu.
- teachtaireacht láidir go bhfuil níos mó i gceist le sláinte agus folláine ná rogha phearsanta agus freagracht aonair agus mar sin iarrann go leor cuspóirí foghlama ag leibhéal an meánscoile sinsearaí ar an scoláire 'measúnú criticiúil' agus 'anailís criticiúil' a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar chleachtais shochaíocha (féach cuspóirí gnóthachtála).
- tuiscint go bhfuil gá le réimse gníomhartha a chuireann sláinte chun cinn ag leibhéil phearsanta, idirphearsanta, agus shochaíocha chun feabhas a chur ar shláinte agus folláine
- cur chuige iomlánaíoch a bhfuil prionsabail an chirt, na cothromaíochta agus an ionchuimsithe sóisialta mar bhonn faoi.

## Ontario

**Áit OSPS sa churaclam:** Leanann an scoláire cúrsaí Oideachais Shláinte agus Corpoideachais (OSC) san oideachas sinsearach meánscoile tríd síos (Gráid 9-12, aois 14-18.) Ag leibhéal na meánscoile sinsearaí, ní shainordaíonn an Aireacht Oideachais na cúrsaí is gá a dhéanamh ó raon cúrsaí Oideachais um Maireachtáil Shláintiúil Ghníomhach (OMSG) agus bíonn ar an scoláire creidiúint amháin a thuilleamh chun a Dhioplóma Meánscoile Ontario (DMO) a chur i gcrích. Ina bhlianta deireanacha, féadfaidh an scoláire creidiúintí a thuilleamh le haghaidh cúrsaí atá dírithe ar ghníomhaíochtaí sonraithe agus ar fhoghlaim a chuireann bonn acadúil ar fáil le haghaidh staidéir iar-mheánscoile i réimsí a bhaineann le OSC (ar nós sláinte agus aclaíocht, cur chun cinn na sláinte agus staidéar áineasa).

**Aidhm:** Is é is aidhm ag OSC cabhrú leis an scoláire litearthacht fhisiciúil agus sláinte a fhorbairt trí na scileanna agus an t-eolas, a theastaíonn chun go mbeadh rath air sa saol mar shaoránach gníomhach agus sláintiúil atá freagrach go sóisialta, a fhorbairt. Is é is aidhm aige cabhrú leis an scoláire roghanna sláintiúla agus sábháilte a dhéanamh sa bhaile, ar scoil agus sa phobal; nósanna maireachtála sláintiúla gníomhacha a fhorbairt chun a fholláine fhisiciúil agus mheabhrach a fheabhsú don chuid eile dá shaol; tuiscint a bheith aige air féin agus ar dhaoine eile; smaoineamh go criticiúil; caidrimh shláintiúla, scileanna sóisialta agus folláine mhothúchánach a fhorbairt agus a chaomhnú; cothroime agus cothrom na féinne a thuiscint; agus meas ar éagsúlacht a fhorbairt.

**Réimsí Foghlama:** Tá trí shnáithe sa churaclam Oideachais Shláinte agus Corpoideachais (OSC):

**Snáithe A – Maireachtáil ghníomhach:** rannpháirtíocht ghníomhach, corpacmhainn, agus sábháilteacht - na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn chun taitneamh a bhaint as a bheith gníomhach agus sláintiúil i gcaitheamh an tsaoil, á múineadh trí dheiseanna a bheith rannpháirteach sa ghníomhaíocht choirp go rialta agus sábháilte agus chun foghlaim conas corpacmhainn phearsanta a fhorbairt agus a fheabhsú.

**Snáithe B – Inniúlacht luaile:** scileanna agus coincheapa luaile, agus straitéisí luaile - na scileanna a theastaíonn chun páirt a ghlacadh i raon gníomhaíochtaí coirp, á múineadh trí dheiseanna scileanna luaile a fhorbairt, agus coincheapa agus straitéisí luaile a chur i bhfeidhm i gcluichí, i spóirt, i rince agus i ngníomhaíochtaí coirp eile.

**Snáithe C – Maireachtáil shláintiúil:** coincheapa sláinte a thuiscint, cinntí sláintiúla a ghlacadh, agus ceangail a dhéanamh ar mhaithe le maireachtáil shláintiúil. Áirítear na nithe seo a leanas leis sin: sábháilteacht phearsanta agus seachaint gortuithe; úsáid substaintí, andúil, agus iompraíocht a bhaineann leo; forbairt an duine agus sláinte ghnéis; agus foghlaim faoi thosca a chuireann le forbairt shláintiúil (m.sh. braistint freagrachta pearsanta i dtaobh sláinte ar feadh an tsaoil, agus tuiscint ar an gceangal atá ag saol sláintiúil gníomhach a chaitheamh leis an domhain inár dtimpeall agus le sláinte daoine eile).

Is é Snáithe C, *Maireachtáil Shláintiúil* an snáithe is cosúla le OSPS i gcomhthéacs na hÉireann. Tugtar breac-chuntas thíos ar na topaicí a dtugtar aghaidh orthu i Maireachtáil Shláintiúil i nGrád 12 (aois 17/18).

*Tábla 4:* ***Topaicí a dtugtar aghaidh orthu i Maireachtáil Shláintiúil i nGrád 12 (aois 17/18)***

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Bia sláintiúil** | | Cinntí bia sláintiúla a ghlacadh i gcomhthéacsanna difriúla | Cúinsí pearsanta agus itheachán sláintiúil |
| **Sábháilteacht phearsanta** | Ciapadh, foréigean, mí-úsáid – tionchair, impleachtaí dlíthiúla agus freagairtí | Scileanna maireachtála agus tacaíochtaí a úsáid chun soghontacht maidir le ciapadh, foréigean agus mí-úsáid a laghdú | Ciapadh, foréigean, mí-úsáid i gcomhthéacsanna áitiúla agus domhanda – acmhainní, tacaíochtaí agus freagairtí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Úsáid substaintí, andúil, agus iompraíochtaí gaolmhara** | Iarmhairtí a bhaineann le mí-úsáid substaintí – gearrthéarmach, fadtéarmach, dlíthiúil | Teacht aniar a fhorbairt – roghanna sláintiúla a dhéanamh | Treochtaí agus saincheisteanna áitiúla agus idirnáisiúnta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Forbairt an duine agus sláinte ghnéis** | Scileanna agus straitéisí maidir le caidrimh a thabhairt chun cinn | Inniúlachtaí agus spéiseanna pearsanta a shainaithint: pleananna saoil a fhorbairt<br>Sláinte agus folláine a chaomhnú nuair a bheidh tú neamhspleách | Claonadh agus steiréitíopáil sa léiriú a dhéantar ar chaidrimh sna meáin |

**Leithdháileadh ama:** Teastaíonn íosmhéid ama 110 uair an chloig d'am teagaisc le haghaidh cúrsa Oideachais um Maireachtáil Shláintiúil Ghníomhach (OMSG) dar luach creidiúint iomlán amháin agus múintear gach cúrsa thar thréimhse bliana. Féadfaidh an scoláire tabhairt níos mó ná cúrsa amháin i ngach Grád 9, 10, 11 agus 12.

I measc **Gnéithe** de chuid churaclam Ontario tá fócas ar na nithe seo a leanas:

- scileanna pearsanta agus idirphearsanta a chur chun cinn, chomh maith le scileanna smaointeoireachta cruthaithí agus criticiúla.
- béim a leagan ar an gcaidreamh idir sláinte agus folláine an scoláire agus an domhain ina thimpeall agus tógáil ar an bhfeasacht ar an tionchar a bhíonn ag a chuid roghanna ar dhaoine eile.
- feasacht a thógáil maidir leis an gcomhthéacs sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch níos leithne agus maidir le cinnteoirí sláinte agus folláine lasmuigh dóibhsean a bhfuil smacht ag an scoláire orthu, mar dhuine aonair.
- scileanna litearthachta sláinte a chur chun cinn, a bhfuil tuiscint orthu mar 'na scileanna a theastaíonn chun teacht ar eolas, é a thuiscint agus é a úsáid chun cinntí maithe a ghlacadh don tsláinte'.

## Albain

**Áit OSPS sa churaclam:** Tá sláinte agus folláine (SF) ar cheann d'ocht réimse curaclaim de chuid Curriculum for Excellence (CfE). Baineann an ceathrú leibhéal de Curriculum for Excellence (CfE) le scoláirí meánscoile i mblianta 4-6 (aois 15-18).

**Aidhm:** Is é is aidhm ag SF a chinntiú go bhforbraíonn daoine óga an t-eolas agus an tuiscint, na scileanna, an teacht aniar, na hinniúlachtaí agus na buanna a theastaíonn uathu dá bhfolláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil, anois agus amach anseo. Is é is aidhm aige daoine óga a chumasú cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu a ghlacadh chun a bhfolláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil a fheabhsú; taithí a fháil ar dhúshlán, ar thaitneamh agus ar ghnéithe dearfacha de mhaireachtáil agus gníomhaíocht shláintiúil; a gcuid scileanna meabhracha, mhothúchánacha, sóisialta agus fisiciúla a chur i bhfeidhm chun tabhairt faoi shlí mhaireachtála sláintiúil; aistriú rathúil a dhéanamh chuig an gcéad chéim oideachais nó oibre eile; agus pátrún sláinte agus folláine a bhunú a mhairfidh leo agus iad ina ndaoine fásta, agus a chabhróidh an tsláinte agus an fholláine sa chéad ghlúin páistí Albanacha eile a chur chun cinn. Is é is aidhm aige a chur ar chumas roinnt daoine cruthú ag ardleibhéil sa spórt nó cur i gcóir le haghaidh gairmeacha laistigh de thionscail na sláinte agus na fóillíochta.

**Réimsí Foghlama:** Tá SF roinnte ina sé fho-réimse/shnáithe:

- folláine mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus fhisiciúil
- ag pleanáil le haghaidh roghanna agus athruithe
- corpoideachas, gníomhaíocht choirp agus spórt, agus gníomhaíocht choirp agus sláinte
- bia agus sláinte
- mí-úsáid substaintí
- caidrimh, sláinte ghnéis agus tuismitheoireacht (CSGT).

**Torthaí foghlama:** Leagtar amach na hionchais ghinearálta le haghaidh na foghlama sna gnéithe uile den tsláinte agus folláine sa cháipéis Taithí agus Torthaí (*Experiences and Outcomes*) (féach Curriculum for Excellence: Health and Wellbeing). Tá intinní foghlama níos sonraí agus pleananna ceachta chun tacú le múinteoirí agus iad ag teagasc maidir le caidrimh, sláinte ghnéis agus tuismitheoireacht (CSGT) ar fáil ag www.rhsp.scot

**Leithdháileadh ama:** Le *Curriculum for Excellence*, leagtar amach na rudaí ba cheart a bheith ar chumas duine óig a dhéanamh agus na heispéiris a chuireann lena chuid foghlama, in ionad sainmhínithe mionsonraithe ar ábhar nó uaireanta staidéir atá leagtha síos.

I measc **Gnéithe** de chuid churaclam SF na hAlban tá

- cur chuige bunaithe ar chearta ina dtugtar faoi eolas cuimsitheach a chur ar fáil do dhaoine óga i ngach réimse a bhaineann den tsláinte agus folláine.
- fócas lárnach ar chaidrimh shláintiúla

- fócas ar chabhrú le daoine óga feasacht chriticiúil a ghnóthú ar na tionchair a mhúnlaíonn a gcinntí agus a n-iompair ionas gur féidir leo roghanna sláintiúla a dhéanamh
- béim ar shláinte agus folláine mar fhreagracht ar gach múinteoir agus feasacht ar an tslí a gcuireann foghlaim trí SF mar aon le foghlaim faoin SF muinín, smaointeoireacht neamhspleách, agus dearcthaí agus meonta dearfacha chun cinn ar mhaithe le rath san fhoghlaim, sa saol agus san obair.

## Treoir Theicniúil Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Gnéasachta

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina chuid lárnach ríthábhachtach den OSPS. Mar aon leis sin is é an ghné is mó den OSPS a tharraingíonn aird agus a mheallann plé, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain. Sa chomhthéacs seo, is cabhrach machnamh a dhéanamh ar an tslí inar féidir le treoir idirnáisiúnta maidir le hOideachas Gnéasachta cur leis an bplé maidir le athfhorbairt churaclaim d'OSPS na sraithe sinsearaí. Is uirlis theicniúil í an Treoir Theicniúil Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Gnéasachta, a d'fhorbair Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe (UNPFA), gníomhaireacht sláinte atáirgthe na NA, a chuireann an bonn eolais agus an réasúnaíocht i gcomhair seachadadh oideachas gnéasachta cuimsitheach (OGC) le haghaidh páistí agus daoine óga i láthair. Forbraíodh í le próiseas comhairleach, a raibh ionchur ag cleachtóirí, saineolaithe agus daoine óga ar fud an domhain ann, sainaithnítear sainchomharthaí chláir OGC éifeachtacha ann; cuirtear treoir ar fáil ann maidir le curaclaim OGC ábhartha, a bhfuil fianaise mar bhonn eolais fúthu, atá aoisoiriúnach agus oiriúnach don staid forbartha agus ábhair teagaisc agus foghlama a fhreagraíonn don chultúr a fhorbairt; agus moltar na príomhchoincheapa ba cheart a chuimsiú i gcuraclaim le haghaidh gach foghlaimeora ann. Roinntear na príomhchoincheapa seo ina thopaicí curaclaim agus ina chuspóirí foghlama riachtanacha le haghaidh ceithre chéim (aois 5-8; 9-12; 12-15; 15-18+).

Cuirtear na príomhchoincheapa agus na príomhthopaicí i gcomhair oideachas gnéasachta cuimsitheach le haghaidh scoláirí aois 15-18 i láthair sa tábla a leanas agus cuirtear i láthair é mar aon le réimse príomhsmaointe a mholtar fiosrú a dhéanamh orthu ag an gcéim foghlama seo. (Féach *International Technical Guidance on Sexuality Education*, lch. 36-80.)

## Treoir Theicniúil Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Gnéasachta Cuimsitheach

### *Tábla 5: Forbhreathnú ar phríomhchoincheapa agus ar phríomhthopaicí agus roinnt príomhsmaointe samplacha le haghaidh aois 15-18*

| Coincheap | Topaicí | Príomhsmaointe samplacha le haghaidh 15-18 (ní liosta cuimsitheach é seo) |
|---|---|---|
| **Príomhchoincheap 1: *Caidrimh*** | 1.1 Teaghlaigh<br>1.2 Cairdeas, grá & caidrimh rómánsúla<br>1.3 Caoinfhulaingt, ionchuimsiú & meas<br>1.4 Tiomantais fhadtéarmacha & tuismitheoireacht | • Caidrimh ghnéis sláintiúla agus míshláintiúla<br>• Slite difriúla chun gean agus grá a léiriú<br>• Féadfaidh pósadh agus tiomantais fhadtéarmacha a bheith fiúntach agus dúshlánach |
| **Príomhchoincheap 2: *Luachanna, cearta, cultúr & gnéasacht*** | 2.1 Luachanna & gnéasacht<br>2.2 Cearta daonna & gnéasacht<br>2.3 Cultúr, an tsochaí & gnéasacht | • Do chuid luachanna, creideamh agus dearcthaí féin a aithint<br>• Tá dlíthe agus comhaontaithe idirnáisiúnta ann a théann i ngleic le cearta daonna agus sláinte ghnéis agus atáirgthe<br>• Is tábhachtach a bheith feasach ar an tslí a mbíonn tionchar ag gnásanna sóisialta agus cultúrtha ar iompar gnéis agus do thuairim féin á forbairt |
| **Príomhchoincheap 3: *Inscne a thuiscint*** | 3.1 Tógáil shóisialta na n-inscní & gnásanna inscne<br>3.2 Comhionannas inscne, steiréitíopaí & claonadh<br>3.3 Foréigean ar bhonn inscne (FBI) | • Dúshláin a chur roimh do chlaonadh féin agus claonadh daoine eile maidir le hinscne<br>• Bíonn tionchar ag neamhionannas inscne, gnásanna sóisialta agus éagsúlachtaí cumhachta ar iompar gnéis agus d'fheadfaidís an baol comhéigean gnéis, mí-úsáid ghnéis agus FBI a mhéadú. |
| **Príomhchoincheap 4: *Foréigean & fanacht slán*** | 4.1 Foréigean<br>4.2: Toiliú, príobháideachas & sláine coirp<br>4.3 Úsáid shábháilte teicneolaíochtaí faisnéise & cumarsáide (TFCanna) | • Tá freagracht ar gach duine tacú le sláinte agus folláine daoine atá saor ón bhforéigean<br>• Tá toiliú ríthábhachtach le haghaidh iompar gnéis sláintiúil, taitneamhach agus toilteanach le páirtnéir |

| | | |
|---|---|---|
| **Príomhchoincheap 5:** ***Scileanna le haghaidh sláinte & folláine*** | 5.1 Gnásanna & tionchar piaraí ar iompar gnéis<br>5.2 Cinnteoireacht<br>5.3. Cumarsáid, diúltú & scileanna idirbheartaíochta<br>5.4: Litearthacht sna meáin & gnéasacht<br>5.5 Teacht ar chabhair & tacaíocht | • Bíonn iarmhairtí ag cinnteoireacht maidir le gnéas ort féin agus ar dhaoine eile<br>• Tá cumarsáid éifeachtach ríthábhachtach agus riachtanais phearsanta agus teorainneacha gnéis á gcur in iúl |
| **Príomhchoincheap 6:** ***An corp daonna & forbairt*** | 6.1 Anatamaíocht & fiseolaíocht ghnéis & atáirgthe<br>6.2 Atáirgeadh<br>6.3 Caithreachas<br>6.4 Íomhá choirp | • Tagann athrú ar choirp i gcaitheamh ama, áirítear inniúlachtaí agus feidhmeanna atáirgthe agus gnéis daonna sna hathruithe seo<br>• Is féidir dúshlán a chur roimh chaighdeáin mhí-réalaíocha maidir le híomhá choirp |
| **Príomhchoincheap 7: Gnéasacht & iompar gnéis** | 7.1 Gnéas, gnéasacht & an timthriall gnéis<br>7.2 Iompar gnéasach & freagairt ghnéis | • Tá gnéasacht casta agus baineann gnéithe bitheolaíocha, sóisialta, síceolaíocha, spioradálta, eiticiúla agus cultúrtha léi, a dtagann forbairt orthu i gcaitheamh na tréimhse saoil<br>• Ba cheart go mbraithfeadh sé taitneamhach tabhairt faoi iompair ghnéis agus tagann freagrachtaí ar leith leo |
| **Príomhchoincheap 8: *Sláinte ghnéis & atáirgthe*** | 8.1 Toircheas & toircheas a chosc<br>8.2 VEID & SEIF stiogma, cúram, cóireáil & tacaíocht<br>8.3 An riosca ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha, lena n-airítear HIV<br>a thuiscint, a aithint agus a laghdú | • Is féidir le húsáid frithghiniúnach cabhrú le daoine atá gníomhach go gnéasach toircheas a chosc, nó pleanáil an mbeidh páistí acu agus cathain iad a bheith acu, agus baineann buntáistí leis seo do dhaoine aonair agus do shochaithe |

## Achoimre ar an gCuid seo

Léiríonn athbhreithniú ar sholáthar OSPS ag staid foghlama na meánscoile sinsearaí sa Nua-Shéalainn, in Ontario agus san Albain cosúlachtaí agus difríochtaí suimiúla.

I measc na gcosúlachtaí tá:

- Braistint feidhme roinnte agus an curaclam ag iarraidh a chur ar chumas daoine óga saol sláintiúil agus gníomhach a bheith acu, caidrimh chomhbhácha a chruthú agus freagracht a ghlacadh astu féin agus as daoine eile.
- Fócas láidir ar an ngné shóisialta chomh maith le fócas ar fhorbairt phearsanta agus ar fhreagracht phearsanta a ghlacadh. Spreagtar an scoláire breathnú ar shaincheisteanna i gcomhthéacsanna eile lasmuigh de chomhthéacsanna pearsanta agus áitiúla agus spreagtar é chun dearcthaí 'soch-éiceolaíocha' a ghlacadh chuige féin ionas gur féidir leis tuiscint níos fearr a bheith aige ar thosca idircheangailte a d'fhéadfadh a bheith ag múnlú a chuid cinntí agus iompair.
- Béim ar fhorbairt smaointeoirí criticiúla a bhfuil na scileanna acu anailís agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar chleachtais phearsanta agus shochaíocha.
- Béim ar scileanna litearthachta sláinte a bhfuil tuiscint orthu mar 'na scileanna a theastaíonn chun teacht ar eolas, é a thuiscint agus é a úsáid chun cinntí maithe a ghlacadh don tsláinte'. (curaclam Ontario).

I measc na sainghnéithe tá:

- I ndlínsí eile tugtar ainm eile ar an réimse foghlama a nglaoitear OSPS air in Éirinn – Oideachas Sláinte agus Corpoideachas (OSC) sa Nua-Shéalainn agus in Ontario, agus Sláinte agus Folláine (SF) in Albain.
- Áirítear an Corpoideachas mar chuid den réimse foghlama seo sa Nua-Shéalainn agus in Ontario.
- Baineann fócas gairme leis an bhfoghlaim i roinnt dlínsí agus an scoláire á chur i gcóir le haghaidh gairmeacha sna tionscail sláinte agus fóillíochta in OSC (Ontario) agus SF (Albain).

Bíodh agus nach gcuireann an Treoir Theicniúil Idirnáisiúnta maidir le hOideachas Gnéasachta oideas ar fáil le haghaidh athfhorbairt curaclaim OSPS i gcomhthéacs na hÉireann, cuireann sé pointe tagartha úsáideach breise ar fáil agus plé á dhéanamh ar thopaicí agus ar thorthaí foghlama riachtanacha le haghaidh OSPS/OCG na sraithe sinsearaí.

# 5. Ceisteanna le machnamh a dhéanamh orthu

Agus sinn ag tarraingt ó na codanna roimhe seo, leagann an chuid seo amach saincheisteanna a bhfuil gá meas a dhéanamh orthu agus an curaclam nuashonraithe le haghaidh OSPS na sraithe sinsearaí á fhorbairt agus sa phleanáil i gcomhair a chur i bhfeidhm.

## An/Na spriocghrúpa(í) do churaclam nuashonraithe

Faoi láthair, tá difríocht in inneachar agus i stádas an churaclaim OSPS a chuirtear ar fáil don scoláire sa tsraith shinsearach ag brath ar an gclár a ndéanann siad staidéar air. Téann an scoláire a leanann clár na hArdteistiméireachta Feidhmí i ngleic le OSPS trí mhódúil Oideachais Shóisialta agus Shláinte atá éigeantach; san áit go bhfuil Creat roghnach d'OSPS na Sraithe Sinsearaí ar fáil chun tacú le pleanáil i gcomhair OSPS le haghaidh gach scoláire eile. I gcomhthéacs baic idir an Ardteistiméireacht Bhunaithe, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta a bhaint, de réir mar a d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley TD, ar an 29ú Márta 2022 mar chuid dá pleananna i gcomhair athfhorbairt na sraithe sinsearaí, is tráthúil an am anois é machnamh a dhéanamh ar cheart aon churaclam OSPS amháin don tSraith Shinsearach a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an scoláire, pé clár sraithe sinsearaí a dtéann sé i ngleic leis. Éileoidh an méid seo machnamh láithreach maidir le cineál comhpháirt(eanna) an churaclaim a chaithfear a fhorbairt.

## Stádas agus leithdháileadh ama

Eascraíonn dhá cheist ar gá meas a dhéanamh orthu ó shoiléiriú maidir le sprioc-cohórt an churaclaim OSPS nuashonraithe: stádas agus leithdháileadh ama. Is léir ó na sonraí a leagtar amach i gcuid 3 nach gcuireann formhór scoileanna ranganna OSPS ar an gclár ama sna blianta deireanacha den oideachas iar-bhunscoile. Chun a chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach scoláire ar an bhfoghlaim trí OSPS, beidh gá machnamh a dhéanamh ar cheart go mbeadh OSPS mar chomhpháirt éigeantach i sraith shinsearach athfhorbartha, agus más ea, cé mhéad ama ba cheart a leithdháileadh ar an gcomhpháirt churaclaim seo.

## Ainmniú an réimse curaclaim seo

Is fiú plé a dhéanamh ar an gceist cé acu an mbeadh fiúntas ann don ábhar nó nach mbeadh dá gcuirfí ainm nua ar OSPS. I bplé a rinneadh roimhe seo, tugadh le fios go bhféadfadh 'athbhrandáil' cabhrú i seoladh curaclam nua sa réimse foghlama seo sa tsraith shinsearach. D'fhéadfadh athainmniú dá leithéid nod a thabhairt maidir lena bhfuil i gcroílár na foghlama agus sa tslí sin

chabhródh sé sainiúlacht an réimse churaclaim seo a shoiléiriú. B'fhéidir go gcabhródh sé teideal níos giorra ná Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte a bheith air. Ar an lámh eile, seans go gcaillfí an leanúnachas ó OSPS na Sraithe Sóisearaí dá mbeadh teideal nua air don tsraith shinsearach.

## Tacú leis an leanúnachas, leis an dul chun cinn agus le soiléire i bhforbairtí curaclaim OSPS

Tá comhaontú i measc páirtithe leasmhara uile an oideachais go mbeidh gach forbairt churaclaim OSPS

amach anseo fréamhaithe i gcur chuige iomlánaíoch scoláire-láraithe ionchuimsitheach atá aoisoiriúnach agus oiriúnach don staid forbartha.[2] Is gá smaoineamh ar an tslí ar féidir le curaclam OSPS nuashonraithe don tsraith sinsearach tógáil ar na bunchlocha a leagadh síos leis an sonraíocht nuashonraithe don tsraith shóisearach agus ar an tslí ar féidir leis leanúnachas maidir leis an gcur chuige agus dul chun cinn san fhoghlaim i gcuraclam OSPS/OCG comhtháite a chur ar fáil.

## Ailíniú le beartais/straitéisí rialtais agus le ceangaltais idirnáisiúnta

Beidh gá go dtabharfar aird ar bheartais, straitéisí agus ceangaltais rialtas a bhaineann leis an obair seo agus aon fhorbairtí curaclaim san OSPS ar bun, luaitear roinnt díobh seo i gCuid 2.2 den pháipéar seo. Bíonn impleachtaí acu seo le haghaidh coincheapa agus téamaí ar gá machnamh a dhéanamh orthu i gcomhthéacs curaclam nuashonraithe don tsraith shinsearach. Mar shampla, tá CNCM tiomanta dul i ngleic le hoideachas maidir le comhionannas inscne, foréigean teaghlaigh, foréigean gnéis, foréigean ar bhonn inscne agus toiliú trí churaclam OSPS athbhreithnithe agus trí acmhainní a bhaineann leis a fhorbrófar chun tacú leis an gcuraclam nuashonraithe.

[2] CNCM, Tuairisc ar an Athbhreithniú ar OCG i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna (2019)

## Na coinníollacha a theastaíonn chun tacú le OSPS éifeachtach sa tsraith shinsearach

Tá ról tábhachtach ag curaclam atá suas chun dáta, agus acmhainní teagaisc agus cáipéisí treoracha a thacaíonn leis, i dtaobh tacú le dea-chleachtas san OSPS. Mar sin féin, chun curaclam nuashonraithe don tsraith shinsearach a chur i bhfeidhm go héifeachtach beidh deiseanna forbartha gairmiúla breisithe de dhíth ar mhúinteoirí. Léirigh comhairliúcháin CNCM[3] arís agus arís eile gurb iad muinín agus inniúlacht an mhúinteora na príomhchumasóirí le haghaidh teagasc agus foghlaim níos éifeachtaí san OSPS agus braitear é seo níos mó fós agus ranganna OSPS sraithe sinsearaí á n-éascú. Beidh tábhacht ag baint le haird a thabhairt ar chruthú tacaíochtaí a chabhraíonn le cur i bhfeidhm éifeacht an churaclaim OSPS nuashonraithe don tsraith shinsearach i gcaitheamh na bliana amach romhainn.

[3] I measc na gcomhairliúcháin seo tá na cinn a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar OCG i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (2018-2019) agus an comhairliúcháin ar an bPáipéar Cúlra agus Treoir don Athbhreithniú ar OCG na Sraithe Sóisearaí a rinneadh sa bhliain 2021.

# 6. Treoir don athbhreithniú ar OSPS na sraithe sinsearaí

Bunóidh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoi churaclaim nuashonraithe a fhorbairt d'OSPS na sraithe sinsearaí. I dtéarmaí ginearálta, aontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle obair na Meithle Forbartha i bhfoirm na treorach leagtha amach thíos.

Forbrófar OSPS na sraithe sinsearaí chun tacú le cuspóir na físe maidir leis an tsraith shinsearach athfhorbartha a bhaint amach de réir mar a leagtar amach in Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Chomh maith leis sin, cuirfidh obair na Meithle Forbartha taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus dea-chleachtas i réimse an OSPS/OCG mar aon le athbhreithniú CNCM ar OCG i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, agus comhairliúcháin ábhartha eile a rinneadh le déanaí san áireamh.

Déanfar measúnú ar OSPS na sraithe sinsearaí sa seomra ranga agus is measúnú foirmitheach a bheidh ann. Ní dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit measúnú seachtrach ar an bhfoghlaim.

Beidh an curaclam scoláire-láraithe agus bunaithe ar thorthaí agus aontófar an leithdháileadh ama i ndiaidh comhairliúchán ar an bpáipéar seo.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt an churaclaim nua aghaidh orthu seo a leanas:

- An tslí ar féidir leis an gcuraclam oibriú agus cearta agus freagrachtaí daoine óga a dhearbhú; an tslí a bhfuil an curaclam freagrach dá riachtanais shainaitheanta; an tslí ar féidir leis an gcuraclam a bheith ábhartha don aois agus don staid forbartha agus a bheith ionchuimsitheach agus iomlánaíoch i bhfírinne ina chur chuige.
- An tslí ar féidir tacú le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear an tslí ar féidir nasc a dhéanamh agus cur le foghlaim a leagtar amach i gcúrsa nuashonraithe OSPS na sraithe sóisearaí agus in ábhair agus módúil eile de chuid na sraithe sinsearaí chomh maith le foghlaim amach anseo sa saol, i staidéar, i mbreisoideachas agus in ardoideachas, i bprintíseachtaí agus i dtréimhsí oiliúna, agus i saol na hoibre.
- An tslí ar féidir leis an gcuraclam freagairt do thosaíochtaí beartais agus straitéisí oideachais an rialtais, agus tacú leo; tosaíochtaí agus straitéisí ar nós na gceann atá dírithe ar chomhionannas inscne agus ar dhul i ngleic le foréigean gnéis, foréigean teaghlaigh agus foréigean ar bhonn inscne.
- An tslí ar féidir leis an gcuraclam, trína chur i láthair agus trína thorthaí foghlama, soiléire a chur ar fáil ar na hionchais foghlama ionas go bhfuil an t-eolas, na scileanna, na meonta, na

luachanna agus na dearcthaí tábhachtacha ba cheart don scoláire a shealbhú i gcaitheamh OSPS na sraithe sinsearaí follasach agus soiléir.

- An tslí ar féidir freastal ar an éagsúlacht i gcomhthéacsanna scoileanna agus seomraí ranga agus guth an scoláire i múnlú na foghlama ag leibhéal áitiúil a éascú fad is a bhíonn foghlaim nár cheart a chailliúint á leagan amach.
- An tslí ar féidir leis an gcuraclam tacú le forbairt níos mó ar scileanna sóisialta agus mothúchánacha an scoláire, a scileanna litearthachta sláinte agus a scileanna smaointeoireachta criticiúla agus neamhspleáiche.
- An tslí chun cothromaíocht idir peirspictíochtaí pearsanta, idirphearsanta agus sochaíocha a bhaint amach agus foghlaim ar bun maidir le sláinte agus folláine fad is a bhíonn feasacht ar an idircheangailteacht eatarthu á fhorbairt.
- Cad iad na hacmhainní a bheidh de dhíth le haghaidh soláthar an churaclaim chun dílseacht don fhoghlaim inmhianaithe a chinntiú.

Beidh obair na Meithle Forbartha bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an Mheitheal Forbartha i mbun oibre, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

Beidh an curaclam ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí i bhfómhar na bliana 2023.

# Tagairtí

Bourke, A. Mallon, B & Maunsell C (2022) *Realisation of Children's Rights under the UN Convention on the Rights of the Child to, in, and through Sexuality Education*. The International Journal of Children's Rights 30 (2022)

An Tionól Saoránach (2021) *Report of the Citizen's Assembly on Gender Equality*

Comhairle na hEorpa *Convention on preventing and combating violence against women and domestic violence* Istanbul, 11.V.2011 https://rm.coe.int/168008482e

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) *Ag breathnú ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte: Teagasc agus Foghlaim in Iar-bhunscoileanna*

An Roinn Oideachais agus Scileanna, (2015) *Creat don tSraith Shóisearach*

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018) *An Suirbhé um Scileanna Saoil* (gan a bheith foilsithe)

An Roinn Dlí agus Cirt (2022) *Zero Tolerance, the Third National Strategy for Domestic, Sexual and Gender-Based Violence and implementation plan*

Keating S, Morgan M & Collins B (2018) *Relationships and Sexuality Education (RSE) in Primary and Post-Primary Irish Schools: A Research Paper*, CNCM

Maynock P, Kitching K, & Morgan M (2007) *Relationships and Relationships and Sexuality Education (RSE) in the Context of Social, Personal and Health Education (SPHE) An Assessment of the Challenges to Full Implementation in Post-primary Schools*

Moynihan S & McNamara M (2012) *The Challenges of Implementing Social, Personal and Health Education in the Current Post-primary School System*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1996) *Interim Curriculum and Guidelines for Relationships and Sexuality*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1999) *Curaclam na Bunscoile: Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2003) *Social Personal and Health Education at Senior Cycle: Discussion Paper*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2011) *Creat Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Shláinte na Sraithe Sinsearaí*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2016) *Gearrchúrsa OSPS: An tsonraíocht le haghaidh na sraithe sóisearaí*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *Tuairisc ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2021) *Páipéar Cúlra agus Treoir don Athbhreithniú ar OSPS na Sraithe Sóisearaí*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2021) *Treoirlínte maidir le Folláine sa tSraith Shóisearach*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022) *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach.*

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2022) *Dréacht-Ghearrchúrsa OSPS Nuashonraithe: An tsonraíocht le haghaidh na sraithe sóisearaí*

Nic Gabhainn S (2007) *The Implementation of SPHE at Post-Primary School Level: A Case Study Approach*

Nic Gabhainn S, O'Higgins S, Barry M (2010) *The implementation of social, personal and health education in Irish schools*

Roe S (2010) *Life Skills Matter – Not Just Points: A Survey of Implementation of Social, Personal and Health Education (SPHE) and Relationships and Sexuality Education (RSE) in Second-level Schools*, Dáil na nÓg

Smyth, McCoy and Banks (2019) *Student, Teacher and Parent Perspectives on Senior Cycle Education* ESRI Research Series Number 94

Coiste na Náisiúin Aontaithe maidir le Cearta an Linbh (2016) Concluding Observations on the combined third and fourth periodic reports of Ireland, CRC/C/IRL/CO/3-4

EOECNA – Review of the evidence on sexuality education: report to inform the update of the UNESCO International technical guidance on sexuality education - UNESCO Digital Library

EOECNA (2018) *International Technical Guidance on Sexuality Education*

# TAGAIRTÍ DO CHURACLAIM IDIRNÁISIÚNTA

## An Nua-Shéalainn

Ministry of Education (2022). *Health and Physical Education in the Curriculum: Overview* [ar líne]. Ar fáil: https://hpe.tki.org.nz/health-and-physical-education-in-the-curriculum/overview/ (rochtain ar an 27 Bealtaine, 2022).

Ministry of Education (2020a). *NCEA Education. Health and Physical Education: Health Studies. Assessment Matrix* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.education.govt.nz/health-and-physical-education/health-studies?view=assessment (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Ministry of Education (2020b). *NCEA Education. Health and Physical Education: Physical Education. Assessment Matrix* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.education.govt.nz/health-and-physical-education/physical-education?view=assessment (rochtain ar an 30 Bealtaine, 2022).

Ministry of Education (2020c). *NCEA Education. Health and Physical Education: Health Studies. Introduction to Sample Course Outlines* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.education.govt.nz/health-and-physical-education/health-studies?view=teaching (rochtain ar an 30 Bealtaine, 2022).

Ministry of Education (2020d). *NCEA Education. Health and Physical Education: Physical Education. Introduction to Sample Course Outlines* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.education.govt.nz/health-and-physical-education/physical-education?view=teaching (rochtain ar an 30 Bealtaine, 2022).

Ministry of Education (2020e). *NCEA Education. Health and Physical Education: Health Studies. What is Health Studies About?* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.education.govt.nz/health-and-physical-education/health-studies?view=learning (rochtain ar an 27 Bealtaine, 2022).

Ministry of Education (2020f). *NCEA Education. Health and Physical Education: Physical Education. What is Physical Education About?* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.education.govt.nz/health-and-physical-education/physical-education?view=learning (rochtain ar an 27 Bealtaine, 2022).

Ministry of Education (gan dáta). *Health Studies Learning Matrix* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea-live-3-storagestack-53q-assetstorages3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com/s3fs-public/2021-11/HS%20Learning%20Matrix_1.pdf?VersionId=rMOr7rtBSFZ3F1QrKcaGJI4ZEgp60EL8 (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Ministry of Education (gan dáta). *Physical Education Learning Matrix* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea-live-3-storagestack-53q-assetstorages3bucket-2o21xte0r81u.s3.amazonaws.com/s3fs-public/2021-11/PE%20Learning%20Matrix_0.pdf?VersionId=6.hbu_.9AfpFD82RHqIE_AW6uR5Bmv3g (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

## Ontario

Ministry of Education (2022). *The Ontario Curriculum: Secondary. Health and Physical Education* [ar líne]. Ar fáil: http://www.edu.gov.on.ca/eng/curriculum/secondary/health.html (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Ministry of Education (2019). *A Parent's Guide: the Health and Physical Education Curriculum, Grades 9-12* [ar líne]. Ar fáil: http://www.edu.gov.on.ca/eng/curriculum/elementary/grade9to12hpe.pdf (rochtain ar an 1 Meitheamh, 2022).

Ministry of Education (2015). *The Ontario Curriculum Grades 9 to 12: Health and Physical Education (Revised)* [ar líne]. Ar fáil: http://www.edu.gov.on.ca/eng/curriculum/secondary/health9to12.pdf (rochtain ar an 1 Meitheamh, 2022).

## Albain

Education Scotland (2022a). *Curriculum for Excellence: Benchmarks* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/improvement/learning-resources/curriculum-for-excellence-benchmarks/ (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Education Scotland (2022b). *Curriculum for Excellence: Curriculum Areas. Health and Wellbeing* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/education-scotland/scottish-education-system/policy-for-scottish-education/policy-drivers/cfe-building-from-the-statement-appendix-incl-btc1-5/curriculum-areas/health-and-wellbeing (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Education Scotland (2022c). *Curriculum for Excellence: Experiences and Outcomes* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/education-scotland/scottish-education-system/policy-for-scottish-education/policy-drivers/cfe-building-from-the-statement-appendix-incl-btc1-5/experiences-and-outcomes/ (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Education Scotland (2022d). *Curriculum for Excellence: What is Curriculum for Excellence?* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/education-scotland/scottish-education-system/policy-for-scottish-education/policy-drivers/cfe-building-from-the-statement-appendix-incl-btc1-5/what-is-curriculum-for-excellence (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Education Scotland (gan dáta). *Curriculum for Excellence. Health and Wellbeing Across Learning: Responsibilities of all. Experiences and Outcomes* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/Documents/hwb-across-learning-eo.pdf (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

Education Scotland (gan dáta). *Curriculum for Excellence. Health and Wellbeing. Principles and Practice* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/Documents/health-and-wellbeing-pp.pdf (rochtain ar an 9 Meitheamh, 2022).

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment